Eolaí Óg na Bliana

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhuaiteoirí Ghradam Eolaí agus Teicneolaí Óg na Bliana 2020. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh a bhfuil ar eolas agat faoin gcomórtas.

Ceist 2 Gan féachaint ar an mír fós, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus ar na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír?

1. warm welcome
2. they returned
3. the heroes
4. football players
5. gender stereotypes
6. implement
7. attitude, opinion
8. on behalf of, representing

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an gcabhróidh sé sin leat na focail a thuiscint.

Ceist 3 Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna:

1. Scríobh síos an t-eolas ar fad a chloiseann tú faoin tionscadal a rinne Cormac agus Alan.

2. Cén t-eolas a thugtar dúinn faoi Choláiste Choilm sa mhír?

Ceist 4 '… is fearr…'

Sárchéim na haidiachta 'maith' atá i gceist leis an sampla thuas. Is aidiacht neamhrialta é. Cén tsárchéim agus cén bhreischéim atá ag na cinn seo anois?

álainn	_____	_____
beag	_____	_____

dian	_____	_____
fada	_____	_____
maith	_____	_____
mór	_____	_____
olc	_____	_____
ramhar	_____	_____
te	_____	_____

Ceist 5 '…mí Mheán Fómhair…'

1. An bhfuil na míonna ar fad ar eolas agat? Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobh amach anois iad. Cuir an focal 'mí' roimh gach mí ansin.

2. Cuirigí na ceisteanna seo a leanas ar a chéile anois chun cleachtadh a dhéanamh ar úsáid cheart na míonna.

   - Cén lá breithe atá agat?
   - Cén uair a bhíonn Lá Nollag?
   - Cén uair a bheidh Domhnach Cásca i mbliana?
   - Cén dáta a bheidh na laethanta saoire ann?
   - Cén lá breithe atá ag do chara is fearr?
   - Cad é an lá is faide den bhliain?

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad a léiríonn na torthaí seo?

   'I gceist amháin, iarradh orthu pictiúr a tharraingt d'innealtóir. Tharraing 96% de bhuachaillí fear agus tharraing 56% de chailíní bean.'

2. Cén tábhacht a bhaineann leis an taighde a rinne Cormac Harris agus Alan O'Sullivan, dar leat?

3. Cad is brí leis an seanfhocal Gaeilge – An rud a chí (fheiceann) leanbh ní (déanann) leanbh?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Ceist 2
1. warm welcome – *fearadh na fáilte*
2. they returned – *d'fhill siad*
3. the heroes – *na laochra*
4. football players – *imreoirí caide*
5. gender stereotypes – *steiréitíopaí inscne*
6. implement – *cuir i bhfeidhm*
7. attitude, opinion – *dearcadh*
8. on behalf of, representing – *thar ceann*

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

álainn	níos áille	is áille
beag	níos lú	is lú
dian	níos déine	is déine
fada	níos faide	is faide
maith	níos fearr	is fearr
mór	níos mó	is mó
olc	níos measa	is measa
ramhar	níos raimhre	is raimhre
te	níos teo	is teo

Ceist 5

Eanáir	Mí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta
Aibreán	Mí Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag

→ 25 Nollaig – An cúigiú lá is fiche de mhí na Nollag
→ Domhnach Cásca 2020 – An dara lá déag de mhí Aibreáin
→ Bíonn an lá is faide sa leathsféar thuaidh idir an fichiú lá de mhí an Mheithimh agus an dara lá is fiche de mhí an Mheithimh.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Bhur gcéad fáilte ar ais. Agus is ó dheas a thabharfaimid ár n-aghaidh ar dtús, áit ar cuireadh fearadh na fáilte roimh bhuaiteoirí Chomórtas Eolaí Óg na Bliana, Cormac Harris agus Alan O'Sullivan, nuair a d'fhill siad ar scoil ar maidin. Seo é an dara huair le dhá bhliain príomhdhuais an chomórtais a bheith buaite ag Coláiste Choilm i gCathair Chorcaí.

Marian O'Flaherty
B'iontasach[1] an ócáid a bhí ann maidin inniu i gColáiste Choilm, i mBaile an Chollaigh, nuair a cuireadh fáilte ar ais roimh Cormac Harris agus Alan O'Sullivan, buaiteoirí Eolaí agus Teicneolaí Óg na Bliana 2020. Bhí Simon Meehan, buaiteoir Eolaí Óg na Bliana 2018 i láthair leis, chun fáilte a chur roimh na laochra. Bhailigh na céadta daltaí le chéile sa scoil chun fáilte a chur roimh Alan agus Cormac[2] – daltaí sa cheathrú bliain agus imreoirí caide le *Éire Óg*.

Bhí tionscnamh[3] Cormac agus Alan dírithe ar steiréitíopaí inscne i measc daltaí bunscoile. D'iarradar ar leanaí, idir cúig agus seacht mbliana d'aois, ceisteanna a fhreagairt maidir leis na róil atá ag fir agus mná sa saol. I gceist amháin, iarradh orthu pictiúr a tharraingt d'innealtóir. Tharraing 96% de bhuachaillí fear agus tharraing 56% de chailíní bean.

Máirtín Ó Riada, Múinteoir Eolaíochta, Coláiste Choilm
Dheineadar[4] dearadh ar chúrsa ar féidir a chur i bhfeidhm sna bunscoileanna agus má chuirtear é sin i bhfeidhm, beidh tionchar an-láidir aige sin ar dhearcadh daoine óga ó thaobh na poist a bhíonn acu, agus mar sin de.

Pádraig Cinsealach, Iar-Phríomhoide, Gaelcholáiste Choilm
Taobh amuigh den bhua seo, ainmníodh an Roinn Eolaíochta seo mar an Roinn Eolaíochta is fearr sa tír. So, tá seantraidisiún sa scoil ag an bpointe seo, cé nach bhfuilimid ann ach ar feadh tríocha bliain, nó mar sin.

Marian O'Flaherty
Rachaidh Cormac agus Alan ar aghaidh anois go dtí an comórtas idirnáisiúnta, thar ceann na hÉireann, in Santander sa Spáinn i mí Mheán Fómhair.

Cormac Harris agus Alan O'Sullivan, Buaiteoirí Eolaí agus Teicneolaí Óg 2020
Bhí ionadh an domhain orainn nuair a bhuamar an chraobh.
Táim chomh sásta tar éis an comórtas a bhuachan ar son Choláiste Choilm.

Marian Ó Flaherty, Nuacht TG4 i gCathair Chorcaí.

[1] *B'iontach* an leagan caighdeánach
[2] *Colm* a dúradh
[3] *tionscadal* an leagan caighdeánach
[4] *rinneadar* an leagan caighdeánach